Comhairle Chontae Uíbh Fhailí
Offaly County Council

Áras an Chontae, Charleville Road, Tullamore, Co. Offaly, R35 F893.
**T.** 057 934 6800 | **E.** customerservices@offalycoco.ie | **W.** offaly.ie

## FOILSIÚ DRÉACHT-LÉARSCÁIL BHLIANTÚIL CÁNACH TALÚN CRIOSAITHE CÓNAITHE

Foilsíodh dréacht-léarscáil bhliantúil, a ullmhaíodh de réir Alt 653C, arna mhodhnú ag Alt 653M den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997, ar an láithreán gréasáin atá á chothabháil ag an údarás áitiúil agus tá sí ar fáil lena iniúchadh ag a chuid oifigí.

Ullmhaíodh an dréacht-léarscáil bhliantúil chun críocha sainaithint a dhéanamh ar thalamh a chomhlíonann na critéir iomchuí agus atá le bheith faoi réir na cánach talún criosaithe cónaithe.

**Ní bheidh réadmhaoine cónaithe, in ainneoin go bhféadfaí iad a áireamh ar an dréacht-léarscáil, inmhuirir don cháin talaimh criosaithe cónaithe.**

Is tagairt í talamh lena ndéantar na critéir ábhartha a chomhlíonadh do thalamh—

(a) atá san áireamh i bplean forbartha, de réir alt 10(2)(a) d'Acht, 2000, nó plean ceantair áitiúil, de réir alt 19(2)(a) d'Acht, 2000, atá criosaithe—
- (i) chun críocha úsáide cónaithe amháin nó go príomha, nó
- (ii) do mheascán úsáidí, lena n-áirítear úsáid chónaithe,

(b) ina bhfuil sé réasúnach a mheas go bhféadfadh rochtain a bheith ag an talamh, nó go bhfuil baint aige, le bonneagar agus áiseanna poiblí, lena n-áirítear bóithre agus cosáin, soilsiú poiblí, draenáil shéarach bréan, draenáil uisce dromchla agus soláthar uisce, is gá chun áiteanna cónaithe a fhorbairt agus a bhfuil acmhainn seirbhíse dóthanach ar fáil d'fhorbairt den sórt sin, agus

(c) ina bhfuil sé réasúnach a mheas nach ndéantar difear dó, ó thaobh a riocht fisiciúil, le nithe ar bhealach leordhóthanach chun soláthar áiteanna cónaithe a chosc, lena n-áirítear éilliú nó láithreacht fothrach seandálaíochta nó stairiúla is eol,

ach nach talamh é—
- (i) lena ndéantar tagairt dó i mír (a)(i) agus, ag féachaint d'fhorbairt amháin (de réir bhrí Acht, 2000) nach forbairt nár údaraíodh í (de réir bhrí Acht, 2000), atá in úsáid mar áitribh, ina bhfuil trádáil nó gairm á seoladh, atá faoi dhliteanas rátaí tráchtála, a bhfuil sé réasúnach a mheas go bhfuiltear á úsáid chun seirbhísí a sholáthar do chónaitheoirí ceantair chónaithe cóngaracha,
- (ii) lena ndéantar tagairt dó i mír (a)(ii), mura bhfuil sé réasúnach a mheas go bhfuil an talamh neamhshealbhaithe nó díomhaoin,
- (iia) nach mbeadh a bhforbairt de réir na nithe seo a leanas—
  - (i) i gcás ina ndéantar an talamh a chriosú i bplean forbartha, an bonn céimnithe ar dá réir a bheidh forbairt talún le tarlú faoin bplean, mar a mhionsonraítear sa chroístraitéis atá ar áireamh sa phlean sin de réir alt 10(2A)(d) d'Acht 2000, nó
  - (ii) i gcás ina ndéantar an talamh a chriosú i bplean limistéir áitiúil, an cuspóir, i gcomhréir le cuspóirí agus croístraitéis an phlean forbartha don limistéar a n-ullmhaítear an plean limistéir áitiúil ina leith, talamh a fhorbairt ar bhonn céimnithe, a áirítear sa phlean limistéir áitiúil de réir alt 19 (2) d'Acht 2000, ar an dáta a bheidh comhlíonadh na gcritéar san alt seo á mheasúnú,
- (iii) ina bhfuil sé réasúnach a mheas go bhfuil sé riachtanach, nó go bhfuil sé lárnach, le haghaidh áitithe ag—
  - (i) bonneagar agus saoráidí sóisialta, pobail nó rialtais, lena n-áirítear bonneagar agus saoráidí a úsáidtear chun críocha riaracháin phoiblí nó chun oideachas nó cúram sláinte a sholáthar,
  - (ii) saoráidí agus bonneagar iompair,
  - (iii) bonneagar agus saoráidí fuinnimh,
  - (iv) bonneagar agus saoráidí teileachumarsáide,
  - (v) bonneagar agus saoráidí uisce agus fuíolluisce,
  - (vi) bainistíocht dramhaíola agus bonneagar diúscartha, nó
  - (vii) bonneagar fóillíochta, lena n-áirítear saoráidí spóirt agus clóis súgartha,
- (iv) atá faoi réir sonrú reachtúil a d'fhéadfadh cosc a chur ar fhorbairt, nó (v) ar a bhfuil an tobhach ar láithreáin tréigthe iníoctha de réir an Achta um Láithreáin Tréigthe, 1990.

Féadfar aighneachtaí ar an dréacht-léarscáil a dhéanamh i scríbhinn chuig an údarás áitiúil lena mbaineann tráth nach déanaí ná an 1 Aibreán 2024, maidir le—
- (I) láithreáin ar leith a áireamh sa léarscáil deiridh nó a eisiamh ón léarscáil deiridh, nó
- (II) an dáta a rinne an láithreán na critéir ábhartha a shásamh ar dtús.

Ba cheart go n-áireofaí in aighneachtaí ainm agus seoladh, cúiseanna le tailte a áireamh nó a eisiamh, mar aon le léarscáil ar scála 1:1,000 (ceantar uirbeach) nó 1:2,500 (ceantar tuaithe) nuair atá aighneacht á déanamh ag úinéir talaimh, lena sainaithnítear go soiléir an ceantar de thalamh is ábhar don aighneacht.

Maidir le haon aighneachtaí i scríbhinn den chineál sin a gheofar faoin 1 Aibreán 2024, seachas eilimintí den sórt sin d'aighneacht a fhéadfaidh a bheith ina sonraí pearsanta, foilseofar iad ar an suíomh gréasáin arna chothabháil ag an údarás áitiúil lena mbaineann tráth nach déanaí ná an 11 Aibreán 2024.

Tá na moltaí agus na heisiaimh atá beartaithe ar an dréacht-léarscáil bhliantúil faoi réir aighneachtaí a fhaightear. Ba cheart d'aon úinéirí talún atá i bhfabhar eisiamh a gcuid talún aighneacht a dhéanamh chun tacú leis an eisiamh sin.

I gcás go bhfuil talamh atá sainaitheanta ar an dréacht-léarscáil cuimsithe i bplean forbartha nó i bplean ceantair áitiúil de réir alt 10(2)(a) nó 19(2)(a) d'Acht, 2000, criosaithe—
- (i) chun críocha úsáide cónaithe amháin nó go príomha, nó
- (ii) do mheascán úsáidí, lena n-áirítear úsáid chónaithe,

Féadfaidh duine, an 31 Bealtaine 2024 nó roimhe sin, i gcás ina sainaithnítear talamh ar an dréacht-léarscáil faoi réir na cánach talún criosaithe cónaithe, féadfaidh duine, i leith talún ar leis an duine sin é, aighneacht a dhéanamh chuig an údarás áitiúil ag iarraidh go n-athrófar criosú na talún sin. Ba cheart go n-áireodh aon aighneacht den sórt sin fianaise ar úinéireacht, cúiseanna mionsonraithe le haon iarratas ar athchriosú, chomh maith le léarscáil ar scála 1:1,000 (uirbeach) nó 1:2,500 (tuaithe) ag sainaithint an píosa talún ábhartha go soiléir.

Maidir le haon iarrataí athchriosaithe i scríbhinn den sórt sin a gheofar faoin 31 Bealtaine 2024 seachas eilimintí d'aighneacht a d'fhéadfadh a bheith ina sonraí pearsanta, foilseofar iad ar an suíomh gréasáin a bheidh á choimeád ag an údarás áitiúil lena mbaineann tráth nach déanaí ná an 10 Meitheamh 2024.

Déanfaidh an tÚdarás Áitiúil gach iarraidh athchriosaithe a mheas ag féachaint do phleanáil chuí agus d'fhorbairt inbhuanaithe an cheantair.

**Aindrias Ó Muimhneacháin,**
**Stiúrthóir Gníomhach Seirbhísí ,Pleanála.**

## PUBLICATION OF RESIDENTIAL ZONED LAND TAX ANNUAL DRAFT MAP

An annual draft map, prepared in accordance with Section 653C, as modified by Section 653M of the Taxes Consolidation Act 1997, has been published on the website maintained by the local authority and is available for inspection at its offices.

The annual draft map has been prepared for the purposes of identifying land that satisfies the relevant criteria and is to be subject to the residential zoned land tax.

**Residential properties, notwithstanding that they may be included on the annual draft map, shall not be chargeable to the residential zoned land tax.**

Land which satisfies the relevant criteria is a reference to land that-

(a) is included in a development plan, in accordance with section 10(2) (a) of the Act of 2000, or local area plan, in accordance with section 19(2)(a) of the Act of 2000, zoned-
- (i) solely or primarily for residential use, or
- (ii) for a mixture of uses, including residential use,

(b) it is reasonable to consider may have access, or be connected, to public infrastructure and facilities, including roads and footpaths, public lighting, foul sewer drainage, surface water drainage and water supply, necessary for dwellings to be developed and with sufficient service capacity available for such development, and

(c) it is reasonable to consider is not affected, in terms of its physical condition, by matters to a sufficient extent to preclude the provision of dwellings, including contamination or the presence of known archaeological or historic remains,

but which is not land-
- (i) that is referred to in paragraph (a)(i) and, having regard only to development (within the meaning of the Act of 2000) which is not unauthorised development (within the meaning of the Act of 2000), is in use as premises, in which a trade or profession is being carried on, that is liable to commercial rates, that it is reasonable to consider is being used to provides services to residents of adjacent residential areas,
- (ii) that is referred to in paragraph (a)(ii), unless it is reasonable to consider that the land is vacant or idle,
- (iia) the development of which would not conform with-
  - (i) in a case in which the land is zoned in a development plan, the phased basis in accordance with which development of land is to take place under the plan, as detailed in the core strategy included in that plan in accordance with section 10(2A)(d) of the Act of 2000, or
  - (ii) in a case in which the land is zoned in a local area plan, the objective, consistent with the objectives and core strategy of the development plan for the area in respect of which the local area plan is prepared, of development of land on a phased basis, included in the local area plan in accordance with section 19(2) of the Act of 2000, on the date on which satisfaction of the criteria in this section is being assessed,
- (iii) that it is reasonable to consider is required for, or is integral to, occupation by-
  - (i) social, community or governmental infrastructure and facilities, including infrastructure and facilities used for the purposes of public administration or the provision of education or healthcare,
  - (ii) transport facilities and infrastructure,
  - (iii) energy infrastructure and facilities,
  - (iv) telecommunications infrastructure and facilities,
  - (v) water and wastewater infrastructure and facilities,
  - (vi) waste management and disposal infrastructure, or
  - (vii) recreational infrastructure, including sports facilities and playgrounds,
- (iv) that is subject to a statutory designation that may preclude development, or
- (v) on which the derelict sites levy is payable in accordance with the Derelict Sites Act 1990.

Submissions on the annual draft map may be made in writing to the local authority concerned not later than 1 April 2024, regarding-
- (i) either the inclusion in or exclusion from the final map of specific sites, or
- (ii) the date on which a site first satisfied the relevant criteria.

Submissions should include a name and address, reasons for inclusion or exclusion of lands, along with a map of scale 1:1,000 (urban area) or 1:2,500 (rural area) where the submission is made by a landowner, clearly identifying the area of land subject of the submission.

Any such written submissions received by 1 April 2024 other than such elements of a submission which may constitute personal data, shall be published on the website maintained by the local authority concerned not later than 11 April 2024.

The proposed inclusions and proposed exclusions on the annual draft map are subject to submissions received. Any landowners who supports the exclusion of their land should make a submission in support of such exclusion.

Where land is identified on the annual draft map as being subject to the residential zoned land tax and where the land identified on the draft map is included in a development plan or local area plan in accordance with section 10(2)(a) or 19(2)(a) of the Act of 2000 zoned-
- (i) solely or primarily for residential use, or
- (ii) for a mixture of uses, including residential use,

a person may on or before 31 May 2024, in respect of aforementioned land that such a person owns, make a submission to the local authority requesting a variation of the zoning of that land. Any such submission should include evidence of ownership, detailed reasons for any rezoning request, along with a map to a scale of 1:1,000 (urban) or 1:2,500 (rural) clearly identifying the relevant plot of land.

Any such written rezoning requests received by 31 May 2024 other than such elements of a submission which may constitute personal data, shall be published on the website maintained by the local authority concerned not later than 10 June 2024.

All rezoning requests made will be considered by the Local Authority having regard to the proper planning and sustainable development of the area.

**Andrew Murray,**
**A/Director of Services, Planning.**

Offaly Topic 31x7 265.5
Tullamore / Midland Tribune 31x8 265mm
DB